

Barbed Wire: Tuairisc Eagarthóra

Cathal Ó Háinle

(CATHAOIRLEACH: EOGHAN Ó HANLUAIN)

I bhfómhar na bliana 1997, d'iarr Iontaobhas Uí Chadhain orm lámhscríbhinn an tsaothair próis *Barbed Wire* le Máirtín Ó Cadhain a bhreithniú, féachaint an raibh sé infhoilsithe, agus d'iarr siad orm é a réiteach don chló, dá gceapfainn go raibh. Ghlac mé go fonnmhar leis an gcuireadh agus súil agam go mbeadh deis agam cloch a chur i leacht Mháirtín, fear a raibh, agus a bhfuil meas mór agam air mar dhuine agus mar scríbhneoir. Cúpla uair ó shin i leith dúirt mé liom féin dá mbeadh breith ar m'aiféala agam nach mbeinn tar éis dul faoin mbráca chomh fonnmhar sin; ach anois go bhfuil an obair i gcrích, tá lúcháir orm gur ghlac mé leis an gcuireadh. Bhí eolas áirithe agam i dtaobh an tsaothair sin cheana féin ar ndóigh. Foilsíodh dréacht réasúnta fada as in *Dóchas* sa bhliain 1964,¹ agus tá éachtaint le fáil sa dréacht sin ar chuid de mhianach an tsaothair. Agus rinne an Cadhnach tagairt ghearr dó agus é ag caint ag scoil Gheimhridh Merriman in Aonach Urmhumhan in Eanáir na bliana 1969. Is éard a dúirt sé: 'Ní raibh rím-éad ar bith agam féin as *An tsraith ar lár* le hais mar tá agam as saothar fada eile a bhfuil *Barbed Wire* tugtha go sealadach agam air. Is dóigh liom gurb é an giota scríbhneoireacht é is fearr a rinne mé'.²

Tá fianaise ansin ar a fheabhas a shíl an Cadhnach féin a bhí an saothar seo, *Barbed Wire*, agus níl fúmsa aon iarracht a dhéanamh le féachaint le breith sin an údair a dhearbhu ná a bhréagnú. Tá an saothar seo tar éis a bheith ina leannán agam anois le cúpla bliain agus bhí mo chaidreamh leis treallach go leor: bhain mé sásamh agus spraoi mór as, ach bíonn fadaraí mhórhuisiúil freisin ag baint le heagarthóireacht a dhéanamh ar shaothar chomh fada leis an gceann seo, agus

deirimse fada libh! Aon tuairim de a nochtfaínn, tá faitíos orm go mbeadh sé ar sceabha mar seo nó mar siúd. Is é atá fúm a dhéanamh anseo tuairisc a thabhairt ar stair an tsaothair sin agus ar mhianach an ábhair ann.

Maidir le cineál an tsaothair seo, níor thug an Cadhnach air agus é ag caint le Cumann Merriman ach ‘saothar fada’, an áit ar thug sé úrscéalta ar dhá shaothar eile dá chuid, *Cré na Cille* agus *Athnuachan*,³ agus i litir a scríobh sé le cur chuig Niall Ó Dónaill sa bhliain 1964 dúirt sé go neamhbhalbh: ‘Ní úrscéal é [*Barbed Wire*].’⁴ Earra an-sleamhain é an t-úrscéal; ach más gá dó bheith ina scéal, snáithe reacaireachta a bheith ag rith tríd ó thús deireadh, ní mór diúltú lipéad an úrscéil a ghreamú de *Barbed Wire*. Tá eilimintí scéaltacha anseo is ansiúd tríd ceart go leor, ach ní gné bhuan den saothar iad. Níl ansin ach fíric ar ndóigh: ní haon locht ar an saothar é. Bhí leagan den saothar seo scríofa ag an gCadhnach sa bhliain 1962,⁵ ach lean sé air ina dhiaidh sin ag cur leis, agus ag cur go mór leis go deimhin. Is eol dúinn go raibh sé an-tugtha don athscríobh, don fhorlónadh, don snasadh, agus tá fianaise air go raibh sé fós ag cur leis an saothar le linn na bliana 1964; ach ba dhóigh leat ar an gcaoi ar labhair sé i dtús na bliana 1969 go raibh an saothar seo críochnaithe aige an uair sin. Ní raibh sa teideal *Barbed Wire* ach teideal sealadach. Bhí dhá theideal eile ar an saothar seo, nó ar leaganacha de, roimhe sin, ach ón uair gurb é seo an ceann is deireanaí a thug an t-údar féin air, sílim gur chóir dúinn cloí leis anois ainneoin gurb aisteach teideal Béarla a bheith ar shaothar Gaeilge, go háirithe saothar de chuid an Chadhnaigh. Ainneoin go raibh an beagán sin eolais agam faoin saothar seo, bhí mé dall ar fad ar a nádúr ina iomláine, rud a fuair mé amach a luaithe a fuair mé deis é a scrúdú.

Tá páipéir neamhfhoilsithe an Chadhnaigh ar coimeád i Leabharlann Choláiste na Tríonóide. D’iarr mé ar lucht na Leabharlainne scríbhinn *Barbed Wire* a chur ar fáil dom, rud a rinne:⁶ cuireadh meall mór páipéar faoi mo bhráid, cuid acu clóscríofa agus a thuilleadh acu lámhscríofa. Fuair mé amach go raibh dhá leagan den saothar ann: an ceann tosaigh atá réasúnta gearr, thart ar 37,000 focal, sílim, agus atá i bhfoirm lámhscríofa agus chlóscríofa; agus ceann eile atá i bhfad Éireann níos faide, thart ar 167,000 focal, déanaim amach, a bhfuil an chuid is mó de i bhfoirm lámhscríofa agus chlóscríofa, ach a bhfuil codanna de i bhfoirm lámhscríofa amháin. Níl amhras ar bith orm ná gurb é an leagan fada seo an saothar a raibh an oiread sin ríméid ar Mháirtín as sa bhliain 1969 agus gurb é a theastódh uaidh a fhoilsiú. Ach bhí deacrachtaí ag baint le codanna de i dtaca le hord leanúnach an ábhair a aithint i ngeall ar an tslí ar lean an Cadhnach air ag cur dréachtaí breise isteach sa mhéid a bhí scríofa aige cheana, agus i ngeall ar iarrachtaí eagsúla a rinneadh leis na bileoga a uimhriú. Chuaigh mé i mbun oibre ar an leagan fada seo féachaint le heagar a bhualadh air, rud ar bhain dua nár bheag leis. Creidim gur éirigh liom é a chur as alt a chéile i gceart; agus creidim go bhfuil an saothar ar fad ann faoi mar a d’fhág an Cadhnach é agus